2026/1067

12.5.2026

CINNEADH (AE) 2026/1067 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Aibreán 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ag an 84ú seisiún a bheidh aige

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) agus Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart é a bheith mar aidhm le gníomhaíocht an Aontais san earnáil muiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Beidh an 84ú seisiún de Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM 84) den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) ar siúl ón 27 Aibreán go dtí an 1 Bealtaine 2026.

(3) Le linn an dara seisiún urghnách a bhí ag CCCM (CCCM/ES.2), a bhí beartaithe ar dtús a bheith ar siúl ón 14 agus an 17 Deireadh Fómhair 2025, bhí coinne leis go nglacfadh sé Creat Glan-nialasachta IMO i bhfoirm leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL). Mar sin féin, cuireadh CCCM/ES.2 ar atráth agus cuireadh glacadh na leasuithe sin siar.

(4) Mar ullmhúchán do CCCM/ES.2, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/2093 ([1]).

(5) Luaitear i gCinneadh (AE) 2025/2093 gur cheart don Aontas tacú le tabhairt isteach chaibidil 5 nua d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le Creat Glan-nialasachta IMO, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad IMO CCCM/ES.2/2. In oirchill tuilleadh plé idir baill IMO trína bhféadfadh na dréachtleasuithe a fhorbairt a thuilleadh sula nglacfar go foirmiúil iad, tá sé d'aidhm leis an gCinneadh seo seasamh ginearálta an Aontais a bhunú ag CCCM 84 amach anseo maidir le breithniú agus glacadh leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ó longa a laghdú. Comhlánaíonn an Cinneadh seo Cinneadh (AE) 2025/2093 trí threoir a thabhairt maidir le seasamh an Aontais ag CCCM 84, i bhfianaise plé leanúnach trína bhféadfadh na dréachtleasuithe a fhorbairt a thuilleadh sula nglacfar go foirmiúil iad.

(6) Go sonrach, cuireadh roinnt aighneachtaí isteach, lena n-áirítear glao chun an Creat Glan-nialasachta IMO a ghlacadh faoi mar atá sé nó é a threisiú ar bhealach eile (Fidsí *et al.* ([2])), tús a chur leis an gcaibidlíocht as an nua ar dtús trí phlé a dhéanamh ar threoirphrionsabail (an Ailgéir *et al.* ([3])), nó bearta malartacha a mholadh lena nasctar an chonair le hinfhaighteacht breosla ar an margadh in ionad uaillmhian ghlan-nialasach 2050 (an Airgintín, an Libéir agus Panama ([4])). Léiríonn tograí eile leibhéil éagsúla oscailteachta chun na leasuithe ar an gCreat Glan-nialasachta IMO atá ann faoi láthair a mhodhnú d'fhonn comhthoil a chothú (an Bhrasaíl ([5]) agus an tSeapáin ([6])).

([1]) Cinneadh (AE) 2025/2093 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ag an dara seisiún urghnách maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) (IO L, 2025/2093, 16.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2093/oj).
([2]) Doiciméid IMO CCCM 84/7/28 agus CCCM 84/7/36 (Fidsí *et al.*).
([3]) Doiciméad IMO CCCM 84/7/30 (an Ailgéir *et al.*).
([4]) Doiciméad IMO CCCM 84/7/38 (an Airgintín *et al.*).
([5]) Doiciméad IMO CCCM 84/7/37 (an Bhrasaíl).
([6]) Doiciméad IMO CCCM 84/7/49 (an tSeapáin).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag CCCM 84 a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, má ghlactar iad i seisiún CCCM amach anseo, ar na Ballstáit is páirtithe i MARPOL agus is féidir leo tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialacháin (AE) 2015/757 ([7]), agus (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

(8) Tá seasamh an Aontais beartaithe i gcomhréir lena sheasamh ag seisiúin CCCM agus na Meithle Idirsheisiúnaí um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú a bhí ann roimhe seo a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú. Thacaigh an tAontas le doiciméid éagsúla ina moltar Caighdeán Breosla Gáis Cheaptha Teasa agus tobhach praghsála GCT a fhorbairt agus le Creat Glan-nialasachta IMO a eascraíonn as sin, agus chuir sé na doiciméid sin isteach. Bhí ról tábhachtach ag an Aontas sa chaibidlíocht le linn sheisiúin éagsúla de CCCM agus den Mheitheal Idirsheisiúnach um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú chun bearta meántéarmacha iarrthacha maidir le laghdú GCT éagsúla a fhorbairt agus a thabhairt chun críche, ar bearta iad ina bhfuil caighdeán spriocbhunaithe breosla mhuirí, lena rialaítear laghdú céimnithe dhéine GCT an bhreosla mhuirí, chomh maith le gné eacnamaíoch, ar bhonn sásra praghsála astaíochtaí GCT muirí.

(9) Dá bhrí sin, is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas tacú le bearta a bhreithniú agus a ghlacadh a thuilleadh, ar bearta iad lena n-éascaítear cothú comhdhearcaidh agus atá i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Straitéis IMO 2023 maidir le hAstaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú, agus ról ríthábhachtach na loingseoireachta idirnáisiúnta á chur san áireamh maidir le seirbhísí trádála domhanda agus muiriompair a fhorbairt, le tacaíocht ó bhreoslaí inrochtana atá ar fáil chun suaitheadh a chosc.

(10) Tar éis an phlé ag CCCM 84, ba cheart don Aontas a mheas cibé acu ba cheart nó nár cheart dá sheasamh fanacht mar a leagtar amach é i gCinneadh (AE) 2025/2093, a bheidh infheidhme go dtí deireadh CCCM/ES.2 mura leasaítear nó mura n-aisghairtear é.

(11) Níl an tAontas ina bhall de IMO ná ina pháirtí conarthach i MARPOL. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle údarú a thabhairt do na Ballstáit seasamh an Aontais a chur in iúl ag CCCM 84.

(12) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú d'ábhar an phlé ag CCCM 84 maidir leis an gCreat Glan-nialasachta IMO, a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ag an 84ú seisiún.

Airteagal 2

1. Déanfaidh na Ballstáit, ar comhaltaí iad uile de IMO, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

2. Comhlánaíonn an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (c), de Chinneadh (AE) 2025/2093, a bheidh infheidhme go dtí deireadh CCCM/ES.2 mura leasaítear nó mura n-aisghairtear é.

([7]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/757/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj).

([9]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. PANAYIOTOU

IARSCRÍBHINN

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn CCCM 84:

Treoirphrionsabail

(1) Gníomhóidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, le cuspóirí Straitéis GCT 2023 IMO agus le cuspóirí an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

(2) Tacóidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, le gníomhaíochtaí atá comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, le spriocanna an Dlí Aeráide Eorpaigh agus le hearnáil mhuirí Eorpach iomaíoch a thacaíonn le geilleagar agus fás an Aontais, i gcomhréir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais agus le Compás Iomaíochais an Aontais.

(3) Leanfaidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, den obair laistigh de IMO agus cothóidh siad naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun oibriú i dtreo réitigh dhomhanda, méid a thacóidh le tiomantas earnáil loingseoireachta an Aontais dícharbónú a dhéanamh agus leis na hinfheistíochtaí atá déanta cheana féin chun an sprioc sin a bhaint amach.

(4) Oibreoidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, laistigh de IMO i dtreo bearta a chuirfidh le cothrom iomaíochta domhanda san earnáil mhuirí, le hiomaíochas na hearnála muirí Eorpaí, agus le haistriú cóir agus cothrom.

Treoshuíomhanna

(1) Cuirfidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, i gcoinne aon iarrachtaí chun Creat Glan-nialasachta IMO, mar a d'fhormheas tromlach Bhallstáit IMO é i mí Aibreáin 2025, a bhaint d'aon bhreithniú eile ag seisiún CCCM.

(2) Rachaidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, i mbun plé maidir le leasuithe ar an gCreat Glan-nialasachta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an leibhéal tacaíochta is leithne is féidir a bhaint amach maidir leis an bpacáiste deiridh de bhearta meántéarmacha iarrthacha i ndáil le laghdú GCT atá le glacadh i gcur chun feidhme Straitéis GCT 2023 IMO.

(3) Glacfaidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, páirt chuiditheach sa phlé, fad a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugtar tacaíocht leathan go leor d'aon leasuithe; agus

(b) leis an bpacáiste deiridh, comhlíontar spriocanna agus cuspóirí uile laghdaithe astaíochtaí Straitéis GCT 2023 IMO.

(4) Tacóidh na Ballstáit, thar ceann an Aontais, leis an tuairim nach mór a chinneadh, agus aon chinneadh maidir leis an bpacáiste deiridh beart á ghlacadh, go leanfaí an nós imeachta um ghlacadh intuigthe.